Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2020**
**(OR. en)**

**15581/1/18**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0409 (NLE)**

**FRONT 454**
**COWEB 181**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Stádais
idir an tAontas Eorpach
agus Poblacht na Seirbia
maidir leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag
an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann
agus Cósta i bPoblacht na Seirbia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointí (b) agus (d) d’Airteagal 77(2) agus pointe (c) d’Airteagal 79(2), i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d’Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú arna thabhairt an 13 Bealtaine 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/400[1] ón gComhairle, síníodh an Comhaontú Stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia ("an Comhaontú"), an 18 agus 19 Samhain 2019, faoi réir a thabhairt i gcrích.

(2) De bhun Airteagal 54(4) de Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], i gcásanna ina mbeartaítear go n-imscarfar foirne den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach chuig tríú tír i ngníomhaíochtaí ina bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin ag na baill foirne, nó ina gceanglaítear é le gníomhaíochtaí eile i dtríú tíortha, tabharfaidh an tAontas comhaontú stádais i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann. I gcomhaontú stádais den sórt sin, ba cheart na gnéithe uile a chumhdach is gá chun dul i mbun na ngníomhaíochtaí.

---

1 Cinneadh (AE) 2019/400 ón gComhairle an 22 Eanáir 2019 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia (IO L 72, 14.3.2019, lch. 1).

2 Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle (IO L 251, 16.9.2016, lch. 1).

(3) Faoin gComhaontú, is féidir foirne den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, i gcomhréir leis an bplean oibríochtúil, a imscaradh go pras ar chríoch Phoblacht na Seirbia, freagairt ar an athrú atá ag teacht ar shreafaí imirce i dtreo bhealach an chósta, cúnamh a thabhairt maidir le bainistiú teorainneacha seachtracha, agus smuigleáil imirceach a chomhrac.

(4) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[1]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(6) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

*Airteagal 1*

Leis seo, formheastar, thar ceann an Aontais, an Comhaontú Stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal* leis an gCinneadh seo+.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 14(2) den Chomhaontú.[1]

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

* IO: Cuir isteach an téacs seo a leanas ar an leathanach den leagan GAEILGE den IO a chomhfhreagraíonn don leathanach ar a bhfuil an Comhaontú foilsithe sna teangacha eile: "Níl téacs an Chomhaontaithe ann sa Ghaeilge.".

+ Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 15579/18.

1 Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.